Botháin Phoiblí Fóin

Ceist 1: Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc ar an laghdú atá tagtha ar an úsáid a bhaintear as botháin phoiblí fóin in Éirinn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan na ceisteanna seo a phlé leis an duine an aice leat.

An úsáideann tú botháin phoiblí fóin go minic?
An bhfuil ceann gar do do theach féin?
An bhfuil fón póca agat?

Ceist 2: Féach ar an tuairisc anois agus déan iarracht leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti.
Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine atá in aice leat.

Research_____
European Commission_____
Method of communication_____
Company_____
Foreigners_____
International_____
Image_____
Era_____

Ceist 3: Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú.
Ansin pléigh na freagraí leis an duine atá in aice leat.

1) Cé mhéad de phobal na tíre seo a fuair réidh le fón an tí?
2) Céard atá ag beagnach 70% den tír?
3) Cén fáth gur tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhain úsáid as boscaí fóin sa bhliain 2005?
4) Cén fáth go bhfuair Eircom réidh le 350 bosca fóin agus Smart Telecom réidh le 1,000?

Ceist 4: Cloistear ***de phobal, ó mhaith, faoi cheann*** sa sliocht.
Cén ghné den ghramadach atá i gceist leo seo?
Bain triail as na samplaí seo a leanas

1. Tá Seán ina chónaí (i) (Albain)
2. Tá mé ag dul go (Corcaigh) le (Áine)
3. Bhí gach duine i láthair seachas (Seán)
4. Thug mé an leabhar do (Aoife)
5. Bíonn sé ag obair ó (maidin) go (oíche)
6. D'ith sí píosa de (úll) Mháire
7. Tá conradh agam ó (Meán Fómhair) go (Aibreán)
8. Beidh sé ar ais roimh (meánlae)

Ceist 5: Anois le dul siar ar an méid atá déanta agat, an féidir leat na bearnaí thíos a líonadh leis na focail atá idir lúibíní.

Tá beagnach 5,000 acu ag Eircom. Fuair siad réidh le 350 bosca fóin sa bhliain 2007 de bharr easpa _____. De réir suirbhé a rinne siad faoin ábhar seo i _____ dúirt 80% de na daoine a ceistíodh nár _____ siad úsáid as bosca fóin le _____ anuas. Maidir le Smart Telecom, bhí 2,500 bosca fóin acu in ionaid phoiblí ar fud na tíre, ach fuair siad_____ le míle acu sin le déanaí de bharr easpa úsáide. Deir Smart Telecom go gcuirfí _____ leis na boscaí teileafóin seo faoi cheann cúpla bliain agus gur _____ ó ré atá caite a bheidh sna boscaí fóin seo sna _____ amach romhainn.

(deireadh, bliain, blianta, úsáide, mbliana, réidh, íomhá, bhain)

Ceist 6: Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa
Tá an fón póca in úsáid ag formhór na ndaoine anois. An bhfuil cloiste agat faoi Skype?
Céard iad na buntáistí a bhaineann le Skype nach bhfuil ag an bhfón póca?

Freagraí

Ceist 1: Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Ceist 2:
Research: taighde
European Commission: Coimisiún na hEorpa
Method of communication: modh cumarsáide
Company: Comhlacht
Foreigners: Eachtrannaigh
International: idirnáisiúnta
Image: íomhá
Era: ré

Ceist 3:

1. Fuair an cúigiú cuid de phobal na tíre seo réidh le fón an tí.
2. Tá an dá mhodh cumarsáide, líne tí nó fón póca ag beagnach 70% den tír.
3. Bhí sé níos saoire ar eachtrannaigh glaonna idirnáisiúnta a dhéanamh ag úsáid cártaí idirnáisiúnta nó glaoch ó na fóin phóca.
4. Fuair an dá chomhlacht réidh leis na boscaí fóin de bharr easpa úsáide.

Ceist 4

1. Tá Seán ina chónaí in Albain
2. Tá mé ag dul go Corcaigh le hÁine
3. Bhí gach duine i láthair seachas Seán
4. Thug mé an leabhar d'Aoife
5. Bíonn sé ag obair ó mhaidin go hoíche
6. D'ith sí píosa d'úll Mháire
7. Tá conradh agam ó Mheán Fómhair go hAibreán
8. Beidh sé ar ais roimh mheánlae

de, do, faoi, mar, ó, roimh, trí, um
Cuireann na réamhfhocail seo go léir séimhiú ar chonsan:
de Sheán, do Mháire, faoi bhord, mar thús, ó Chorcaigh, roimh Mháire, trí chathair, um Cháisc.

ag, as, chuig, go, go dtí, le, seachas
Ní athraíonn ainmfhocal i ndiaidh na réamhfhocal seo
ag Seán, as Corcaigh, chuig ceolchoirm, go Gaillimh, go dtí seomra Mháire, le Síle, seachas Muiris

Ach cuireann **go** agus **le** 'h' roimh ghutaí
go hAlbain, le hAnna

i
Leanann urú **i** agus úsáidtear **in** roimh ghutaí

i gCorcaigh, i nDúrlas Éile, in Albain, in áit éigin eile.

Ceist 5

Tá beagnach 5,000 acu ag Eircom. Fuair siad réidh le 350 bosca fóin sa bhliain 2007 de bharr easpa **úsáide**. De réir suirbhé a rinne siad faoin ábhar seo i **mbliana** dúirt 80% de na daoine a ceistíodh nár **bhain** siad úsáid as bosca fóin le **bliain** anuas. Maidir le Smart Telecom, bhí 2,500 bosca fóin acu in ionaid phoiblí ar fud na tíre, ach fuair siad **réidh** le míle acu sin le déanaí de bharr easpa úsáide. Deir Smart Telecom go gcuirfí **deireadh** leis na boscaí teileafóin seo faoi cheann cúpla bliain agus gur í**omhá** ó ré atá caite a bheidh sna boscaí fóin seo sna **blianta** amach romhainn.

Ceist 6

Fón idirlín is ea an Skype ar bhealach.
Is féidir leis an mbeirt atá ag glaoch ar a chéile, a chéile a fheiceáil.
Tá sé saor in aisce ó ríomhaire go ríomhaire.
Is féidir glaoch ar fhóin phóca agus ar fhón tí ar chostas atá níos ísle ná gnáthrátaí.

Botháin Phoiblí Fóin
Is beag duine na laethanta seo a bhaineann úsáid as botháin phoiblí fóin agus léiríonn taighde go bhfuair an cúigiú cuid de phobal na tíre seo réidh le fón an tí. Léiríonn taighde a rinne an Coimisiúin Eorpach go bhfuil formhór na ndaoine ag baint úsáide as an bhfón póca anois agus dá bharr, go bhfuil comhlachtaí teileachumarsáide ag cur botháin phoiblí fóin ó mhaith. Tá an scéal seo uile ag Irene Ní Nualláin.

Irene Ní Nualláin
Tá 5.2 milliún fón póca in úsáid sa tír agus tá níos mó fóin* phóca sa tír anois ná daoine. Níl muid ag brath ar fhóin* tí nó ar bhotháin phoiblí fóin le glaonna** a dhéanamh anois. De réir suirbhé ón gCoimisiúin Eorpach, tá fón tí ag 99% de na daoine a ceistíodh agus tá an dá mhodh cumarsáide seo, líne tí nó an fón póca ar fáil ag beagnach 70% den tír. Tá 20% againn ag brath ar fhóin phóca*** amháin le glaonna** a dhéanamh. Níor bhain ach an cúigiú cuid de na daoine úsáid as boscaí fóin le bliain anuas.

Is iad Smart Telecom agus Eircom an dá chomhlacht atá ag plé leis an tseirbhís seo. Ach tháinig méadú áirithe ar líon na ndaoine a bhain úsáid as bosca fóin sa bhliain 2005. Bhí sé níos saoire ag eachtrannaigh glaonna** idirnáisiúnta a dhéanamh as bosca fóin ag úsáid cártaí idirnáisiúnta nó glaoch a dhéanamh ar fhón póca. Bhain breis is 200,000 duine úsáid astu thar thréimhse na Nollag sa mbliain**** 2005. Ach de réir mar atá líon na n-eachtrannach ag titim sa tír agus úsáid fóin* phóca ag méadú, tá úsáid na mboscaí fóin ag titim go mór.

Tá beagnach 5,000 acu ag Eircom. Fuair siad réidh le 350 bosca fóin sa bhliain 2007 de bharr easpa úsáide. De réir suirbhé a rinne siad faoin ábhar seo i mbliana dúirt 80% de na daoine a ceistíodh nár bhain siad úsáid as bosca fóin le bliain anuas. Maidir le Smart Telecom, bhí 2,500 bosca fóin acu in ionaid phoiblí ar fud na tíre, ach fuair siad réidh le míle acu sin le déanaí de bharr easpa úsáide. Deir Smart Telecom go gcuirfí deireadh leis na boscaí teileafóin seo faoi cheann cúpla bliain agus gur íomhá ó ré atá caite a bheidh sna boscaí fóin seo sna blianta amach romhainn.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4. Gaillimh

*fónanna a deirtear
**glaochanna a deirtear
***fóin pócaí a deirtear
****sa mbliain a deirtear